


CULTÚRLANN

MᶜADAM Ó FIAICH

# CLÁR AN EARRAIGH

**EANÁIR – MÁRTA 2020 | JANUARY – MARCH 2020**



## Focal ón Stiúrthóir
## A word from the Director

Tá bliain eile imithe uainn agus ceiliúradh na Nollag faoi cheo na cuimhne ach níor chóir go gcuirfeadh seo lagmhisneach orainn óir tá neart imeachtaí agus siamsaíochta beartaithe againn anseo le fáilte cheart a chur roimh an Earrach i gcroílár na Ceathrún Gaeltachta. Tá beocht san aer ag an am seo bliana agus beannaíonn muid don ghrian i ndiaidh an gheimhridh fhuair dhorcha. Am dúinn na dea-rúin sin a chur i gcrích, bíodh sé sin trí thabhairt faoi na ranganna Gaeilge sin a gheall tú duit féin nó triail a bhaint as an ióga don chéad uair. Is cuma más óg nó aosta atá tú, tá rud ann do chách faoi thúr na Cultúrlainne. Déanann muid an féilire Ceilteach a cheiliúradh anseo agus cuirfidh ceardlann Crosóga Bhríde tús oifigiúil leis an Earrach. Beidh instealladh ealaíne dealbhóireachta d'ardchaighdeán le Gerard Carson ar fáil i nDánlann Dillon agus sna Ballaí Bána, beidh íomhánna teibí le Dermott McQuillan. Leanfar lenár gcláir rannpháirteachais ealaíon, Airneál na nÓg agus Cumann Ealaíne na Cultúrlainne. Cuireann muid béim ar an chomhpháirtíocht agus tá lúcháir orainn cur leis an chaidreamh láidir atá tógtha againn le Young at Art agus muid ag comhoibriú leo arís i mbliana ar Fhéile Pháistí Bhéal Feirste. Tá tionscadal úrnua idir lámha againn don fhéile sin i mbliana, athinsint ar an tseanscéal, Mír agus Éadaoin. Idir sin, seoltaí albam agus Féile an Earraigh, beidh rud ann do chách agus beidh fearadh na fáilte romhaibh a bheith linn.

Another year has passed and the Christmas celebrations are now a distant memory but we shouldn't be disheartened because we have a full programme of events to welcome in the Spring in the heart of Belfast's emerging Gaeltacht Quarter. There is a buzz in the air as we greet the return of the sun after the long, dark winter. Time to put those resolutions into practice, whether that's returning to Irish classes after a long absence or beginning something new like yoga. Whether young or old, there is something for everyone under the tower of An Chultúrlann.
We are proud to celebrate the Celtic Calendar here and we have St. Brigid's Cross workshops to officially welcome the Spring. We have high quality sculptural installations by Gerard Carson in our Dillon Gallery and abstract paintings by Dermott McQuillan in the Ballaí Bána. Our participatory arts programmes continue with renewed energy with our music school and arts club to the fore. We are immensely proud of the partnerships we have fostered and our strong relationship with Young at Art continues during the Belfast Children's Festival in March. We have an exciting new project lined up for the festival this year – a retelling of the ancient story of Mír and Éadaoin. Between all of that, album launches and Féile an Phobail's Spring Festival in March, there is something for everyone and you are all very welcome to join us!

**Ciarán Mac Giolla Bhéin**
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin**
**Cultúrlann McAdam Ó Fiaich**

# Teachtaireacht ónár bpríomh-mhaoinitheoirí
# Message from our principal funder



Mar chrann taca d'ealaíona agus cultúr na Gaeilge, tá Cultúrlann Mc Adam Ó Fiaich mar chuid thábhachtach de líonra na n-ionad, na n-ionad ealaíon agus na n-eagraíochtaí a chinntíonn go mbíonn rochtain ag muintir agus pobail Thuaisceart Éireann ar an réimse is leithne d'eispéiris ealaíon agus chultúrtha.

Anseo, i gcroílár Cheathrú Ghaeltachta Bhéal Feirste, tá comhpháirtíochtaí le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaíon máguaird bunaithe ag an mhol chruthaitheach bhríomhar seo, ionas go mbeidh an deis agaibhse, lucht féachana agus rannpháirtithe, dul i ngleic le réimse na n-ealaíon traidisiúnta agus comhaimseartha, lena n=áirítear filíocht agus na healaíona teanga, agus ceol agus na hamharc-ealaíona.

Tacaíonn an Chomhairle Ealaíon le Cultúrlann Mc Adam Ó Fiaich trí mheascán de chistí ón Rialtas agus ón Chrannchur Náisiúnta. I mbliana tá an Crannchur Náisiúnta ag ceiliúradh 25 bliain i mbun eagraíochtaí ealaíon ar fud Thuaisceart Éireann a chumasú le bheith uaillmhianach agus nuálach agus tionchar mór a bheith acu ar a bpobail áitiúla. Tá lúcháir orainn go gcuireann ár maoiniú ar chumas ionaid amhail Cultúrlann McAdam Ó Fiaich eispéiris chruthaitheacha chultúrtha atá spreagúil agus cuimsitheach a chur ar fáil do chách.

As a champion of Irish language arts and culture, Cultúrlann Mc Adam Ó Fiaich is an important part of the network of venues, arts centres and organisations which ensure that the people and communities of Northern Ireland enjoy access to the widest range of arts and cultural experiences. Here, at the heart of Belfast's Gaeltacht Quarter, this vibrant creative hub has established partnerships with surrounding artists and arts organisations, so that you, the audiences and participants, have the opportunity to engage across the field of traditional and contemporary arts, from poetry and language arts to music and visual arts.

The Arts Council supports Cultúrlann Mc Adam Ó Fiaich through a mix of funds from Government and the National Lottery. This year the National Lottery celebrates 25 years of making it possible for arts organisations across Northern Ireland to be ambitious and innovative and make a big impact on their local communities. We are delighted that our funding enables venues like the Cultúrlann to provide enriching and inclusive creative and cultural experiences for everyone to enjoy.

**Roisín McDonough,**
**Príomhfheidhmeannach,**
**Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann**

**Chief Executive,**
**Arts Council of Northern Ireland**

# Ar Aon Amharc | At A Glance

| Dáta \| Date<br>Am \| Time | Imeacht \| Event<br>Áit \| Place |
|---|---|
| **Eanáir / January** | |
| **06/01/2020**<br>6:00pm | **Téarma Nua : Cumann Óige na bhFál**<br>New Term: Falls Youth Club |
| **08/01/2020**<br>7:00pm | **Seoladh Taispeántais /Exhibition Launch:**<br>Abstracts le Dermott McQuillan |
| **08/01/2020**<br>7:00pm | **Seoladh Taispeántais / Exhibition Launch:**<br>MURKTACKTISS le Gerard Carson |
| **09/01/2020**<br>6:00pm | **Téarma Nua / New Term:**<br>Cumann Ealaíne / Art Club |
| **14/01/2020**<br>4:00pm | **Tús Bunrang Gaeilge úir do Dhaoine Óga**<br>Beginning of Youth Beginner Class |
| **16/01/2020**<br>7:00pm | **Téárma Nua / New Term:**<br>Cór Loch Lao |
| **18/01/2020**<br>2:00pm | **Malartú Éadaí**<br>Swap Shop |
| **19/01/2020**<br>8:00pm | **Céilí na Míosa**<br>Monthly Céilí |
| **21/01/2020**<br>6:30pm | **Téarma Nua / New Term:**<br>Ranganna Ióga / Yoga Classes |
| **22/01/2020**<br>7:00pm | **Téarma Nua / New Term:**<br>Ranganna Gaeilge / Irish Language Classes |
| **22/01/2020**<br>7.30pm | **Ciorcal Léitheoireachta**<br>Reading Circle |
| **23/01/2020**<br>6:00pm | **Téarma Nua / New Term:**<br>Ranganna Amhránaíochta / Singing Classes |
| **25/01/2020**<br>11:00am | **Téarma Nua / New Term:**<br>Na Bopóga |
| **25/01/2020**<br>1pm – 3pm | **Téarma Nua / New Term:**<br>Scoil Drámaíochta Aisling Óg |
| **28/02/20**<br>4:00pm | **Téarma Nua / New Term:**<br>Airneál na nÓg |
| **31/01/2020**<br>12:00pm | **Ceardlann Crosóga Bhríde /**<br>St Brigid's Cross Workshop |

## Feabhra / February

| | |
|---|---|
| **16/02/2020**<br>8:00pm | **Céilí na Míosa /**<br>Monthly Céilí |
| **21/02/2020**<br>10:30am | **Cúrsa Cultúrtha / Cultural Course:**<br>Oscail an Doras / Open the Door |
| **21/02/2020**<br>1:00pm | **Seó Páistí / Children's Show:**<br>Polcaphonc |
| **22/02/2020**<br>10:30am | **Dún Uladh:**<br>Féile Bunting / Bunting Festival |
| **25/02/2020**<br>10:00am | **Téarma Nua / New Term:**<br>Babaithe Cultúir / Culture Babies |
| **29/02/2020**<br>01:00pm | **Seoladh Albaim / Album Launch:**<br>Maidin Fhómhair le Ériu |

## Márta / March

| | |
|---|---|
| **05/03/2020**<br>7:00pm | **Seoladh Taispeántais / Exhibition Launch:**<br>Mapping |
| **07/03/2020**<br>1:00pm | **Caint / Talk:** Maighréad Nic Mhaicín trí Amhrán & Scéal leis an Ollamh Fionntán de Brún & Róise Nic Corraidh |
| **07/03/2020**<br>3:00pm | **Seó/Show:**<br>An Féileacán & An Rí |
| **07/03/2020**<br>8:00pm | **Oíche Síol** |
| **11/03/2020**<br>7:00pm | **Ócáid Bhronnta Chomórtas Filíochta Cultúrlann McAdam Ó Fiaich/**<br>Presentation Night, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich Poetry Competition |
| **13/03/2020**<br>8:00pm | **Ceolchoirm / Concert:**<br>Sláinte na nGael le Super Céilí |
| **14/03/2020**<br>10:00am | **Dianchúrsa Gaeilge /**<br>Irish language Intensive Course |
| **15/03/2020**<br>8:00pm | **Céilí na Míosa /**<br>Monthly Céilí |
| **17/03/2020**<br>12:00pm | **Ceiliúradh Lá Fhéile Pádraig /**<br>St Patrick's Day Celebrations |
| **29/03/2020**<br>10:00am | **Blaschúrsa ar na Teangacha Ceilteacha/**<br>Taster Course on the Celtic Languages |




## BIA

Suite i gcroílár na Ceathrún Gaeltachta, i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, tá Bia ina chaifé agus ina bhialann do Ghaeil agus do chairde na Gaeilge agus na n-ealaíon. Tá rogha gach bí agus togha gach dí ar fáil sa bhialann, agus cócaireacht den chaighdeán is airde! Bígí linn!
Le bord a chur in áirithe, cuir glaoch orainn ar **02890 964184.**

Situated in the heart of the Gaeltacht Quarter, in Cultúrlann McAdam Ó Fiach, Bia is a café and restaurant where you are guaranteed a warm Irish welcome and a 'cúpla focal' or more. Bia offers the best of Belfast food and drink, made to the highest standards and ready to order! Come and join us!
To book a table, call us on **02890 964184.**

**Uaireanta Oscailte | Opening Hours:**

| | |
|---|---|
| **Dé Luain** / Monday: | **9:00am – 5:30pm** |
| **Dé Máirt** / Tuesday | **9:00am – 5:30pm** |
| **Dé Céadaoin** / Wednesday | **9:00am – 5:30pm** |
| **Déardaoin** / Thursday | **9:00am – 5:30pm** |
| **Dé hAoine** / Friday | **9:00am – 9:00pm** |
| **Dé Sathairn** / Saturday | **9:00am – 5:30pm** |
| **Dé Domhnaigh** / Sunday | **10:00am – 4:00pm** |




## An Ceathrú Póilí

Agus An Ceathrú Póilí ag ceiliúradh breis agus 30 bliain mar shiopa neamhspleách leabhair Ghaeilge, tá áthas orainn siopa ar-líne a chur ar fáil. Tá éagsúlacht mhór leabhar do gach aoisghrúpa sa tsiopa mar aon le cártaí ócáidí, CDanna agus féiríní. Suite i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, is mol litríochta fáilteach é an siopa do leabharbháigh, ceardaithe agus éisteoirí ceoil – tá fearadh na fáilte romhat cuairt a thabhairt orainn!

Celebrating over 30 years, An Ceathrú Póilí is Belfast's Irish language and Irish interest book shop with a diverse catalogue of books from history and biography to children's tales and learning resources. Based in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, An Ceathrú Póilí is a welcoming hub for readers, craftspeople and music lovers – you are more than welcome!

**Uaireanta Oscailte | Opening Hours:**

| | |
|---|---|
| **Dé Luain** / Monday: | **9:00am – 5:30pm** |
| **Dé Máirt** / Tuesday | **9:00am – 5:30pm** |
| **Dé Céadaoin** / Wednesday | **9:00am – 5:30pm** |
| **Déardaoin** / Thursday | **9:00am – 5:30pm** |
| **Dé hAoine** / Friday | **9:00am – 5:30pm** |
| **Dé Sathairn** / Saturday | **9:00am – 5:00pm** |
| **Dé Domhnaigh** / Sunday | **1:00pm – 4:00pm** |




# Aisling Óg:
# Scoil Drámaíochta Na Cultúrlainne
## Cultúrlann Drama School

| | |
|---|---|
| **Dátaí / Dates:** | **25/01/2020 - 04/04/2020** |
| **Am / Time:** | **1:00pm – 3:00pm** |
| **Áit / Place:** | **Amharclann Mhic Cionnaith** |
| **Costas / Cost:** | **£50.00** an páiste, **£90.00** do bheirt agus **£120.00** do thriúr nó níos mó ón aon teaghlach amháin<br>**£50.00** per child, **£90.00** for two children and £**120.00** for three or more from one household |
| **Clárú / Registration** | **www.culturlann.ie** |

Beidh scoil drámaíochta na Cultúrlainne 'Aisling Óg' ag toiseacht ar ais an 25 Eanáir ó 1:00pm - 3:00pm. Seo deis iontach le cur le muinín agus le scileanna cumarsáide agus aisteoireachta páistí óga ó Rang 1 ar aghaidh chomh mhaith le bualadh le cairde nua agus spraoi a bheith acu. Déanann muid gach gné de na healaíona a thaiscéaladh, damhsa, ealaín, ceol agus drámaíocht ina measc, le clár spreagúil bríomhar a chomhlíonadh. Bíonn seó againn ag deireadh an téarma lenár gcuid oibre crua a thaispeáint

Cultúrlann's Drama School 'Aisling Óg' will start back on 25th January from 1pm-3pm. This is a great opportunity for children from Primary 1 and up to build on their confidence, conversational skills and acting abilities all whilst making new friends and having great fun. We explore every aspect of the arts including dance, art, music and drama to fulfil an exciting and engaging programme. We also produce an end of term performance to show off all our hard work.



## Babaithe Cultúir

| | |
|---|---|
| **Dátaí / Dates:** | **25/02/2020 - 07/04/2020** |
| **Am / Time:** | **10:00am – 12:00pm** |
| **Áit / Place:** | **Dánlann Dillon** |
| **Costas / Cost:** | **£4.00** an páiste agus **£2.00** le haghaidh páiste breise / **£4.00** per child and **£2.00** for every additional child |
| **Clárú / Registration** | **www.youngatart.co.uk** |

Bígí linn le haghaidh sraith nua de Bhabaithe Cultúir, eispéireas idirghníomhach chruthaitheach a chuireann le samhlaíocht na bpáistí óga trí dheiseanna a thabhairt dóibh triail a bhaint as rudaí nua. Bíonn saoirse acu prácás a dhéanamh lena gcuid ealaíne agus a gcuid scileanna cruthaitheacha a fhiosrú i spás sábháilte fáilteach Gaelach. Cuireann Babaithe Cultúir le féinmhuinín an duine óig, chomh maith leis na scileanna idirphearsanta agus teicniúla atá acu. Bealach iontach atá ann le tréimhse a chaitheamh le do pháiste. Cé go mbíonn an seisiún seo trí mheán na Gaeilge, tá fáilte roimh gach duine, cibé cumas sa teanga atá agat. **Aois: 0-4**

Join us for a special edition of Babaithe Cultúir (Culture Babies), a range of interactive and creative experiences that support young children's creative expression by enabling them to try new things and get as messy and as creative as they want, in a safe, fun and welcoming Irish language environment. Babaithe Cultúir will help to build very young children's self-confidence, interpersonal and technical skills as well as offering a wonderful way to spend one-on-one time with your child. Delivered in Irish, everyone is welcome regardless of fluency in the Irish Language. **Age: 0-4**

YOUNG at ART Belfast Children's Festival

## Na Bopóga

**Dátaí / Dates:** 25/01/2020 - 07/03/2020
**Am / Time:** 11:00am – 12:00pm
**Áit / Place:** Dánlann Dillon
**Costas / Cost:** £3.00 an páiste agus £5.00 do bheirt
£3.00 per child and £5.00 for two
**Clárú / Registration** www.culturlann.ie

Ná caill Plúra-Lúra, Nóra Bheag, Daideo, agus a gcairde go léir lena gcuid scéalta, amhrán agus damhsaí a mbainfidh páistí beaga an-spraoi astu agus iad ag cur lena bhforbairt oideachasúil. Maireann an téarma 6 seachtaine agus bíonn topaicí difriúla á gclúdach gach seachtain le suim na bpáistí a choinneáil.

Don't miss Plúra-Lúra, Nóra Bheag, Daideo and all their friends with their stories, songs and dances that small children will enjoy while enhancing their educational development. This term lasts 6 weeks and covers a wide range of topics to keep the children interested.

## Bunrang Gaeilge do Dhaoine Óga
### Beginner Irish Classes for Children

**Dátaí / Dates:** 14/01/2020 – 16/06/2020
**Am / Time:** 4:00pm – 5:00pm
**Áit / Place:** Seomra Ranga
**Costas / Cost:** £3.00 in aghaidh an ranga
£3.00 per class
**Clárú / Registration:** www.culturlann.ie

Seo rang iomlán úr dírithe ar pháistí nach bhfuil ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge. Is iomaí uair a chluineann muid tuismitheoirí a rá gur mhaith leo Gaeilge a bheith ag a gcuid páistí, agus is mar gheall air sin atá muid ag cur na ranganna nua seo ar fáil. Is féidir leis na páistí bualadh isteach i ndiaidh am scoile le blaisín den teanga a fhoghlaim.

This is an entirely new class designed for children who are not attending Irish-medium schools. We so often hear from parents that they would love for their children to be able to speak Irish, and this is why we are starting these new classes. Children can call in after school to get a flavour of the language.



## Cumann Óige na bhFál

| | |
|---|---|
| **Dátaí / Dates:** | **06/01/2020 - 29/06/2020** |
| **Am / Time:** | **6:00pm** |
| **Áit / Place:** | **Amharclann Mhic Cionnaith** |
| **Costas / Cost:** | **£10.00 clárú bliana agus £1.00 in aghaidh na seachtaine**<br>**£10.00 annual registration and £1.00 per week** |
| **Clárú / Registration** | **Buail isteach / Call in** |

Bíonn Cumann Óige na bhFál ar siúl i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich gach oíche Luain ó 6:00pm - 8:00pm do pháistí bunscoile (idir rang 4 agus rang 7) agus ó 8:00pm - 10:00pm do dhaltaí meánscoile (ón chéad bhliain ar aghaidh). Bíonn eispéiris iontacha ag daoine óga agus iad ag glacadh páirt in imeachtaí an chumainn, idir chluichí, cheol, dhráma, chláir fhorbairt phearsanta agus a thuilleadh nach iad.

Cumann Óige na bhFál takes place in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich every Monday night from 6:00pm - 8:00pm for primary school pupils (between primary 4 and primary 7) and from 8:00pm - 10:00pm for secondary students (from first year on). Young people enjoy taking part in the youth club activities that include games, music, drama, personal development programmes and trips.




## Ceiliúradh Lá Fhéile Pádraig

### St Patrick's Day Celebration

| | |
|---|---|
| **Dátaí / Dates:** | **17/03/2020** |
| **Am / Time:** | **12:00pm – 3:00pm** |
| **Áit / Place:** | **Dánlann** |
| **Costas / Cost:** | **Saor in aisce / Free admission** |

Bígí linn le haghaidh lá spraoi agus craice ag Lá Teaghlaigh na Féile Pádraig! Beidh rud éigin againn do gach duine sa teaghlach. Beidh péinteáil aghaidheanna, ceardlanna ealaíne do pháistí, ceol beo traidisiúnta a bhuí le Clann Mhic Corraidh agus sár-thaispeántais damhsa le compántas damhsa Ta-Da. Bígí linn!

Join us for a day full of craic at our St. Patrick's Family Day! We'll have something for everyone in the family. There'll be face painting, art workshops for children, live traditional music from the fantastic Clann Mhic Corraidh and show-stopping dancing from the professional Irish Dance company, Ta-Da.



## Cumann Ealaíne

**Dátaí / Dates:** **09/01/2020 - 25/06/2020**
**Am / Time:** **06:00pm - 08:00pm**
**Áit / Place:** **Dánlann Dillon**
**Costas / Cost:** **£10 in aghaidh an téarma per term agus £1 in aghaidh na seachtaine per week**

Is clár nua é an Cumann Ealaíne seo dírithe ar pháistí Rang 6 - Rang 7 a bhfuil spéis ar leith acu sna hamharc-ealaíona. Mairfidh an seisiún cruthaitheach seo dhá uair an chloig agus beidh seans ag páistí triail a bhaint as roinnt modhanna ealaíne faoi stiúir an Éascaitheora Ealaíne i dtimpeallacht shultmhar spraíúil.

The Cumann Ealaíne is a brand new program directed at children in Primary 6 and Primary 7 who have a specific interest in the visual arts. This creative session will last two hours and the children will have a chance to try out different artistic methods under the direction of Art Facilitators in a fun, creative environment.

## Airneál na nÓg

| | |
|---|---|
| **Dáta / Date:** | **28/01/2020 – 31/03/2020** |
| **Am / Time:** | **4:00pm - 5:30pm** |
| **Áit / Place:** | **Suíomhanna éagsúla** |
| **Costas / Cost:** | **£30.00 (feadóg stáin san áireamh / tin whistle included)** |
| **Clárú / Registration:** | **www.culturlann.ie** |

Bheireann Airneál na nÓg deis do dhaoine óga iad féin a thumadh sa cheol, sa scéalaíocht agus sa damhsa leis na teagascóirí is fearr sa chathair. Bíonn éagsúlacht gníomhaíochtaí idir lámha a fhorbróidh scileanna na ndaoine óga sna healaíona Gaelacha lena n-airítear an fheadóg stáin, an scéalaíocht agus an amhránaíocht.

***Tá an clár seo dírithe ar pháistí idir 5 agus 11 bhliain agus beidh na páistí i ngrúpaí de réir aois.**

Airneál na nÓg gives children and young people the chance to immerse themselves in music, storytelling and dance provided by the best teachers in the city. There will be a variety of activities developing young people's skills in the arts and Irish culture, including tin whistle, story-telling and singing.

***This programme is suitable for children 5 – 11 years of age and children will be grouped according to age.**

### Edel Ní Churraoin

D'fhás Edel Ní Churraoin aníos i gConamara agus í sáite i dtraidisiún saibhir ceoil agus damhsa na dúiche sin. Is damhsóir ar an sean-nós í agus seinneann sí an fheadóg stáin agus an bosca ceoil.

Edel Ní Churraoin grew up immersed in the vibrant Connemara music and dance tradition. She is a sean-nós dancer and also plays the tin whistle and the button accordion.

### Diane Ní Chanainn

Cothaithe ag traidisiúin ársa a contae dúchais, Tír Chonaill, is amhránaí Diane Ní Chanainn a chuireann na hamhráin agus an ceol a seinneadh sna tithe céilithe san am a chuaigh thart i láthair lucht féachána na gliúne seo. Is as Mín Lárach i gcroílár na Gaeltachta Diane, agus bhí bua an cheoil sa dúchas aici mar ba cheoltóirí agus amhránaithe iomráiteacha iad gach duine dá ceathrar seantuismitheoirí. Agus í óg, bhí an lámh in uachtar ag Diane sna comórtais agus éiríonn léi sna comórtais sa lá atá inniu ann fós le Comórtas Cuimhneacháin Sheáin Óig Uí Thuama buaite aici ag Oireachtas na Gaeilge.

Forged out of the centuries-old traditions of her native Donegal, Diane Cannon is a singer who brings the songs and the music played by the hearth fire of a long gone céilí house to the sophisticated tastes of a 21st century audience. From Meenlaragh, in the heart of the Donegal Gaeltacht, Diane inherited her musical talents from both sides of her family; all four grandparents were accomplished musicians and singers. As a youngster Diane frequently won competitions and she competes successfully to this day, most recently winning first place in the prestigious Comórtas Cuimhneacháin Sheáin Óig Uí Thuama at Oireachtas na Gaeilge.



## Ranganna Amhránaíochta
### Singing Classes

| | |
|---|---|
| **Dáta / Date:** | **16/01/2020** |
| **Am / Time:** | **6:00pm** |
| **Áit / Place:** | **Amharclann Mhic Cionnaith** |
| **Costas / Cost:** | **Saor in aisce / Free admission** |

Ranganna seachtainiúla amhránaíochta leis an cheoltóir ildánach, Doimnic Mac Giolla Bhríde.
Weekly singing classes from the multi-talented Doimnic Mac Giolla Bhríde.

## Cór Loch Lao

| | |
|---|---|
| **Dáta / Date:** | **16/01/2020** |
| **Am / Time:** | **7:00pm** |
| **Áit / Place:** | **Amharclann Mhic Cionnaith** |
| **Costas / Cost:** | **Saor in aisce / Free admission** |

Bíonn Cór na Cultúrlainne, Cór Loch Lao, ag cleachtadh gach Déardaoin ag 7:00pm faoi stiúir Dhoimnic Mhic Giolla Bhríde. Tá fáilte mhór roimh bhaill úra i gcónaí.

Cór Loch Lao, our resident choir, practice each Thursday night under the direction of Doimnic Mac Giolla Bhríde. New members are always welcome.



## Seoladh Albaim:
## Maidin Fhómhair Le Ériu

| | |
|---|---|
| **Dátaí / Dates:** | **29/02/2020** |
| **Am / Time:** | **1.00pm** |
| **Áit / Place:** | **Dánlann Dillon** |
| **Costas / Cost:** | **Saorchead isteach / Free admission** |

Agus muid ag ceiliúradh Fhéile Imbolc, cuireann sé lúcháir orainn go mbeidh Ériu anseo againn leis an albam is úire leo, Maidin Fhómhair, a sheoladh. San albam seo, tarraingíonn siad le chéile traidisiún saibhir na hÉireann agus ceol na hEorpa, mar aon le heilimintí den snagcheol, le fuaim shaibhir álainn a chruthú, a mheallfaidh an lucht éisteachta gan amhras.
Is iad baill Ériu ná Aodán (Jaff) Mac Shéafraidh (píoba, féadóga, bouzouki, amhráin), Frank Cassidy (giotár, bouzouki agus amhráin) agus Caoimhe Ní Chathail (príomh-amhránaí).

As we celebrate the Festival of Imbolc, we are delighted to announce that Ériu will launch their beautiful new album, Maidin Fhómhair, Ériu's second album to date, here in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich. Fusing our rich Gaelic tradition with influences from European music and song and elements of jazz, Ériu provide a rich, beautiful sound which is certain to seduce the listener.
Ériu consists of Aodán (Jaff) Mac Shéafraidh on pipes, whistles, bouzouki and vocals, Frank Cassidy on guitar, bouzouki and vocals and Caoimhe Ní Chathail the main vocalist.



## Polcaphonc

**Dátaí / Dates:** 21/02/2020
**Am / Time:** 1:00pm - 2:00pm
**Áit / Place:** Amharclann Mhic Cionnaith
**Costas / Cost:** £5

Bígí linn ar an turas spleodrach, ceolmhar seo sa spás amuigh ina bhfoghlaimeoidh páistí amhráin agus damhsaí úra. Tá an tUas. Polcaphonc tar éis leaindeáil ón  phláinéid Polcaphonc agus tá a chuid  polcaphoncanna caillte aige. Má chuidíonn sibh leis iad a chuardú buailfidh sibh leis an uile chineál carachtar aisteach agus iontach amhail an damhán alla santach, Plúitín agus Plúiteog - an Bradán agus an Scadán srl., agus míneoidh an tUas. Polcaphonc dúinn faoin dóigh is fearr an timpeallacht a shábháil. Beidh an Captaen Doimnic Mac Giolla Bhríde ag tiomáint an spásárthaigh seo agus é lena chairde ceolmhara, agus bí cinnte go mbeidh seó thar barr ar fad ann. **Aois 5-11.**

Join us on a musical journey through outer space where children will learn new songs and dances! Mr Polcaphonc, has just landed from the planet Polcaphonc, and guess what – he has lost his polkadots! Can you help him find them? If you sing and dance you'll get to meet all his weird and wonderful friends like the greedy spider, an Bradán agus an Scadán, Plúitín agus Pluiteog and you'll learn all about how important it is to save the planet! Captain Doimnic Mac Giolla Bhríde is driving the space ship, bringing his band of merry musicians on board for a live music show that is out of this world. **Age group 5-11**

NI SCIENCE FESTIVAL



## Remembering Bunting Festival

### With Comhaltas Ceoltóirí Éireann

| | |
|---|---|
| **Dátaí / Dates:** | **22/02/2020** |
| **Am / Time:** | **10:30 - 16:30** |
| **Áit / Place:** | **Dánlann Dillon** |
| **Costas / Cost:** | **Saorchead isteach / Free admission** (Registration is essential) |
| **Clárú / Registration:** | **www..dunuladh.ie / outreach@dunladh.ie** |

Seo deis againn eolas a chur ar stair agus ar oidhreacht shaibhir chultúrtha agus cheoil trí onóir a thabhairt d'obair thábhachtach shuntasach "mhac uchtaithe" Bhéal Feirste, Edward Bunting. Déanann Féile Cuimhneacháin Bunting an dara comóradh le sraith spreagúil léachtaí, taispeántas agus ceolchoirmeacha chomh maith le ceardlanna idirghníomhacha, agus seisiúin cheoil thraidisiúnta. Tugann aoichainteoirí, cóir phobail Bhéal Feirste féin agus ceoltóirí den scoth na himeachtaí go léir le chéile in onóir Edward Bunting agus an méid thar a bheith luachmhar a rinne sé ar son cheol na hÉireann.

Explore rich cultural and musical history and heritage by honouring the important and significant work of Belfast's "adopted son", Edward Bunting. The Remembering Bunting Festival celebrates its second anniversary with an exciting line up of lectures, demonstrations and concerts as well as interactive workshops, and traditional music sessions. Expert guest speakers, Belfast's own community choirs and world class musicians bring it all together in honour of Edward Bunting and his invaluable contribution to the music of Ireland.

**10:30pm -** Caint Chultúrtha / Cultural Talk le Dr Moloney - Negotiating the Labyrinth: A Road Map to the Bunting Collection

**1:00pm-** Ceolchoirm leis The Historical Harp Society of Ireland: Harp Songs from the Bunting Manuscripts

**3:30pm -** Caint: Histories and Traditions of the Early Irish le Simon Chadwick

**3:30pm -** Ceardlann seinnte le Sylvia Crawford




## Ceolchoirm / Concert:
### Sláinte na nGael: Super Céilí

| | |
|---|---|
| **Dátaí / Dates:** | **13/03/2020** |
| **Am / Time:** | **8:00pm** |
| **Áit / Place:** | **Amharclann Mhic Cionnaith** |
| **Costas / Cost:** | **£10.00** |
| **Clárú / Registration:** | **superceiliculturlann.eventbrite.ie** |

Ólaimis sláinte na nGael! Oíche iontach d'amhránaíocht Ghaelach a bheas againn. Gheobhaidh an lucht féachana gloine bheag d'uisce beatha áitiúil na n-amhránaithe éagsúla faoi mar a thagann siad chun ardáin! An ceol rince is mó sa domhan measctha le tradcheol na hÉireann. Is meascán iomlán úr é SuperCéilí de ríleanna agus polcaí na hÉireann le tiúineanna leictreonacha agus popcheol ó na nóchaidí go dtí an lá atá inniu ann. Ceol greannmhar fuinniúil atá ann a n-éireoidh tú an-ghafa leis agus nach bhfuil aon rud inchurtha leis áit ar bith! Le Peter Staunton ar an bhosca ceoil agus le Niamh Varian-Barry ( a bhíodh ina príomh-cheoltóir le Solas), cruthaítear rud iomlán úr de cheol rince na hÉireann.

Drink a health to the Gael! A great night of Gaelic song and we will also serve a little taste of each singer's local whiskey as they take to the stage! The world's biggest dance hits mixed with Irish trad. Ohhh yesss. SuperCéilí is a completely unique mixture of Irish reels and polkas with pop and electronic dance hits from the 90s to now. It is hilarious, energetic and addictive and there is nothing like it on the planet. Featuring Peter Staunton on accordion and electronics and Niamh Varian-Barry (former lead singer of Solas), this show makes late-night Irish Dance Music "a thing".



# Ranganna Gaeilge

| | |
|---|---|
| **Dátaí / Dates:** | **22/01/2020** |
| **Am / Time:** | **7:00pm - 9:00pm** |
| **Áit / Place:** | **Amharclann Mhic Cionnaith** |
| **Costas / Cost:** | **£35.00 nó £30.00 (lacáiste / concession)** |
| **Clárú / Registration:** | **Eventbrite or fionnuala@culturlann.ie** |

**Glan-tosaitheoirí:** Foirfe do dhaoine nár fhoghlaim Gaeilge ar bith riamh agus gur mhaith leo triail a bhaint aisti. Is bonn den scoth é an rang seo do d'aistear teanga, agus é ag díriú ar fhocail agus ar fhrásaí bunúsacha.

**Bunrang:** Tá an rang seo foirfe do dhuine ar bith a bhfuil cúpla focal acu ach atá ag toiseacht amach a bheag nó a mhór. Cuirfidh tú le do stór eolais ar an teanga agus foghlaimeoidh tú an dóigh le habairtí bunúsacha a chur le chéile agus ceisteanna bunúsacha a fhreagairt.

**Meánrang:** Oireann an leibhéal seo do dhaoine atá bogtha ar aghaidh ó na céimeanna núíosacha, agus atá ag éirí níos muiníní as a gcumas sa Ghaeilge. Sna ranganna seo, foghlaimeoidh tú dul cainte níos casta agus cuirfidh tú le do stór focal sa teanga.

**Ardrang:** Foirfe do dhaoine atá muiníneach as a gcuid Gaeilge cheana, agus ar mhaith leo tógáil ar a líofacht agus a scileanna teanga. Cuireann Leibhéal 4 béim ar úsáid na scileanna atá agat, agus tú ag dul ar aghaidh le forbairt teanga go neamhspleách.
Beidh múinteoirí ar fáil ón 6.00pm ar an oíche chlárúcháin le cuidiú leat cinneadh a dhéanamh faoin leibhéal is fóirsteánaí duit.

**Total Beginners:** Our Total Beginners' class is perfect for those who have never learnt any Irish before and would like to give it a try. This class is the ideal foundation to your language journey, starting out with simple words and phrases.

**Beginners:** Ideal for anyone who has a cúpla focal but is more or less starting out. Here you will develop your knowledge of Irish, and learn how to form basic sentences and answer simple conversational questions.

**Intermediate:** This level is best suited to those who have moved on from the beginner stage and are starting to build confidence with Irish. In these classes, you will learn to construct more complex sentences and expand your vocabulary in Irish.

**Advanced:** This level is perfect for those who are already quite confident with their Irish, and would like to build on basic fluency and develop their language skills. Our advanced class is all about putting the skills you have learned to use and continuing to build on them more independently. Tutors will be available from 6.00pm on the night of registration to help you decide which level you feel is best suited to your skills.



## Oscail An Doras

| | |
|---|---|
| **Dátaí / Dates:** | **21/02/2020** |
| **Am / Time:** | **10:30am – 12:30pm** |
| **Áit / Place:** | **Seomra Ranga / Classroom** |
| **Costas / Cost:** | **£20.00** |
| **Clárú / Registration:** | **Eventbrite or fionnuala@culturlann.ie** |

Cúrsa 6 seachtaine a chlúdaíonn gnéithe teanga agus cultúr na Gaeilge, a thugann tuiscint ar nathanna cainte na Gaeilge sa chaint agus sa chomhphobal. Ní cúrsa teanga é seo.
Ábhair a phléifear:

- Logainmneacha
- Sloinnte
- Béarla na hÉireann
- Stair na Teanga
- Teangacha Ceilteacha
- An Ghaeilge sa lá atá inniu ann

6 week course covering aspects of the Irish language and culture, giving insight into the many ways Irish is represented in our speech and environment. This is not a language course.
Topics to be covered:

- Placenames
- Surnames
- Hiberno-English
- History of the Language
- Celtic languages
- Irish today

## Na Saoithe Gan Locht
### Pensioners' Irish Class

| | |
|---|---|
| **Lá / Day:** | **22/01/2020 Maidin Dé Céadaoin / Wednesday Morning** |
| **Am / Time:** | **10:00am – 12:00pm** |
| **Áit / Place:** | **Seomra ranga / Classroom** |
| **Costas / Cost:** | **Saor in aisce / Free admission** |
| **Clárú / Registration:** | **Buail isteach / Call in** |

Buail isteach chuig Rang na bPinsinéirí a bhíonn ar siúl gach Céadaoin sa Chultúrlann. Rang neamhfhoirmeálta atá ann le go leor béime ar chora cainte agus ar fhrásaí úsáideacha.

Call in to the Pensioners' Irish Language class which is on every Wednesday here in the Cultúrlann. It's an informal class with plenty of emphasis on turns of phrases and conversation tips.



## Dianchúrsa Gaeilge

### Irish Language Intensive Course

| | |
|---|---|
| **Lá / Day:** | **14/03/2020** |
| **Am / Time:** | **10:00am – 04:00pm** |
| **Áit / Place:** | **Suíomhanna éagsúla** |
| **Costas / Cost:** | **£15: Lón éadrom san áireamh / Light lunch included** |

Tá Cultúrlann McAdam Ó Fiaich ag reáchtáil Dianchúrsa Lae sa Ghaeilge. Is bealach iontach dianchúrsa le cur go mór le do chuid scileanna teanga taobh istigh d'achar ama gairid. Cúrsa spreagúil eolasach a bheidh ann agus bíodh geall go gcothóidh an cúrsa seo muinín ionat as do chumas Gaeilge. **Seo a leanas na leibhéil a bheidh ar fáil: Glan-tosaitheoirí - Tosaitheoirí - Meánleibhéal - Ardleibhéal**

Cultúrlann McAdam Ó Fiaich is running an Irish Language Intensive Day Course. Intensive courses are a great way to boost your language skills in a short space of time. The course will be both motivating and informative and will take your confidence in the Irish language to another level. **The levels we have are: - Complete Beginners - Beginners - Intermediate - Advanced**



CULTÚRLANN MCADAM Ó FIAICH



## Blaschúrsa Ar Na Teangacha Ceilteacha

### Taster Course On Celtic Languages

| | |
|---|---|
| **Lá / Day:** | **29/03/2020** |
| **Am / Time:** | **10:00am – 04:00pm** |
| **Áit / Place:** | **Taiscumar** |
| **Costas / Cost:** | **Saor / Lón éadrom san áireamh / Free of charge / Light lunch included** |

Fáilte – Fàilte – Failt – Croeso – Dynnargh – Degemer Mat! Blaschúrsa difriúil a bheas ar siúl i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich mar chuid den Belfast Festival of Learning 2020, i gcomhar leis an ghrúpa nuabhunaithe, 'Carrraig'. Tabharfaidh an cúrsa lae seo duit do chéad bhlaiseadh ar na cúig theanga Cheilteacha eile. Beidh deis ag foghlaimeoirí beannachtaí agus frásaí coitianta i nGaeilge na hAlban, sa Mhanainnis, sa Bhreat-nais, sa Choirnis agus sa Bhriotáinis a fhoghlaim. Caithfear uair an chloig ar staidéar gach teanga faoi seach. ***Uasmhéid 20 duine***

Fáilte – Fàilte – Failt – Croeso – Dynnargh – Degemer Mat! Welcome to a taster course of a different kind which will take place in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich as part of the Belfast Festival of Learning 2020 in partnership with the newly established group 'Carraig'. The course will give an introduction to the other five Celtic Languages in one day. The learners will spend the day learning basic greetings and phrases in Scots Gaelic, Manx, Welsh, Cornish and Breton, with an hour for each language.***Maximum 20 people***



## Céilí na Míosa

| | |
|---|---|
| **Dátaí / Dates:** | **19/01/2020, 16/02/2020 & 15/03/2020** |
| **Am / Time:** | **8:00pm** |
| **Áit / Place:** | **Dánlann Dillon** |
| **Costas / Cost:** | **£6.00 (Suipéar san áireamh / Supper included)** |
| **Clárú / Registration:** | **Buail isteach / Call in** |

Anois faoi stiúir Claire Hughes, bíonn oíche iontach ag an chéilí gach mí. Scoth an cheoil, an chairdis agus an rince atá geallta agus tugann an ceol beo fuinneamh breise do na rinceoirí. Tá an céilí s'againn fóirsteanach do dhamhsóirí déanta agus dóibh siúd ar bheagán taithí araon. **Bígí linn!**

With Claire Hughes at the helm, Céilí na Míosa is always a great night each month here at Cultúrlann McAdam Ó Fiaich with live music to give energy to the dancers. Our céilí is suitable for dancers at all levels of experience as all newcomers will be guided through the dances. **Bígí linn!**

## Malartú Éadaí

### Swap Shop

| | |
|---|---|
| **Dátaí / Dates:** | **18/01/2020** |
| **Am / Time:** | **02:00pm - 04:00** |
| **Áit / Place:** | **Ballaí Bána** |
| **Costas / Cost:** | **Saor in aisce, síntiúis do Friends of the Earth / Free, donation to Friends of the Earth** |

Bígí ann don Mhalartú Éadaí, tabhair trí bhall éadaigh nó níos mó agus uasdátaigh d'fheisteas saor in aisce agus ar bhonn inmharthana atá neamhdhíobhálach don timpeallacht.
**Cuirfear soláistí agus fíon ar fáil.**

Don't miss out on the Swap Shop, bring three or more items of clothing and update your wardrobe for free, sustainable environmentally-friendly fashion.
**Light refreshments and wine provided.**



## Ióga le Dúnla & cuirfear mataí ióga ar fáil

| | |
|---|---|
| **Dátaí / Dates:** | **21/01/2020** |
| **Am / Time:** | **6:30pm – 7:30pm** |
| **Áit / Place:** | **Na Ballaí Bána** |
| **Costas / Cost:** | **£4.00/ £3.00 lacáiste/concession** |
| **Clárú / Registration:** | **Buail isteach / Call in** |

Breathnaíonn and rang seo ar éagsúlachtaí struchtúir, feasachta, análaithe agus gluaiseachta. Tá an rang seo foirfe do lucht bunleibhéil agus meánleibhéil araon. Fáilte roimh chách.

**Curifear mata ióga ar fáil.**

This class explores different variations of structure, awareness, breathing and movement. Perfect for beginners and intermediate level. Everyone welcome.

**Yoga mats provided.**



## Ciorcal Léitheoireachta

### Reading Circle

| | |
|---|---|
| **Dátaí / Dates:** | **22/01/2020** |
| **Am / Time:** | **7:30** |
| **Áit / Place:** | **An Caifé** |
| **Costas / Cost:** | **Saor in aisce** |

An maith leat a bheith ag léamh? Ar mhaith leat bualadh le daoine agus dreas comhrá a dhéanamh ar leabhair?
Tar chuig céad teacht le chéile na bliana den Chiorcal Léitheoireachta, Dé Céadaoin 22 Eanáir @ 7.30in.
Céad leabhar le léamh agus le plé:
Fatwa le Proin-sias Mac a' Bhaird
Fáilte roimh achan duine. Cuirfear tae, caife agus brioscaí ar fáil leis an phlé a éascú

Do you like to read? Would you like to meet other people and chat about books?
If so, come to the first get-together of the Ciorcal Léitheoireachta on Wednesday 22 January @ 7.30.
The first book to read is Fatwa by Proinsias Mac a' Bhaird.
**Fáilte roimh achan duine.**



## Ceardlann Crosóga Bhríde

| | |
|---|---|
| **Dátaí / Dates:** | **31/01/2020** |
| **Am / Time:** | **12:00 - 2:00** |
| **Áit / Place:** | **Dánlann Dillon** |
| **Costas / Cost:** | **Saor in aisce Free** |

Anois teacht an Earraigh agus tá an lá ag dul chun síneadh Is tar éis na Féil' Bríde ardóidh mé mo sheol! Ní bheidh aon duine ag ardú aon seol gan Crosóg Bhríde bheith acu agus má tá tú ag iarraidh an tseancheird seo a fhoghlaim bí linn do na ceardlanna saor in aisce seo.

As spring approaches and the famous lines from the poet Rafferty come to mind, it's worth remembering that you can't go without your St. Brigid's Cross. If you want to learn how to make your own, come along to our free workshops.





## Saol & Saothar
## Mhaighréad Nic Mhaicín

### Trí Scéal & Amhrán leis an Ollamh Fionntán de Brún & Róise Nic Corraidh

| | |
|---|---|
| **Dátaí / Dates:** | **07/03/2020** |
| **Am / Time:** | **13:00pm - 14:00** |
| **Áit / Place:** | **Dánlann Dillon** |

Agus muid ag ceiliúradh Lá Idirnáisiúnta na mBan, is cloch chuimhne chuí é amharc siar ar scéal Mhaighréad Nic Mhaicín (1899-1983) agus beidh an tOllamh Fionntán de Brún linn le cur síos ar shaol na mná éirimiúla cróga seo nach bhfuil a scéal ina iomláine ar eolas againn go fóill. Fite fuaite sa chaint, beidh glór binn Róise Nic Corraidh le cluinstin.Agus í ina déagóir, roimh aimsir an chéad chogaidh dhomhanda, cuireadh Maighréad Nic Mhaicín ag obair i muileann ar Bhóthar na bhFál. Scríobh sí gearrscéal dar teideal 'An Scilling' inar chuir sí síos ar dhála na n-oibrithe sa mhuileann. Ach níor fhan sí féin sa mhuileann, is é rud a chuaigh sí le foghlaim teangacha – chaith sí cuid de bhlianta coscracha na 1930idí ag obair mar aistritheoir i Moscó agus d'aistrigh sí go leor de shaothar na mórúdar Rúiseach go Gaeilge don Ghúm. Ba sa Rúis a fuair a fear céile bás i gcampa géibhinn de chuid Stailín.

As we celebrate International Women's Day, it is very fitting that Professor Fionntán de Brún takes us through the extraordinary life of Maighréad Nic Mhaicín, an intelligent and brave woman whose full story is yet to be told. The talk will be interspersed with the gorgeous voice of Róise Nic Corraidh.
Before the First World War and still a teenager, Maighréad Nic Mhaicín began working in the mill on the Falls Road. She wrote a short story, "An Scilling" in which she described the mill worker's hardships. Maighréad didn't stay in the mills, she became proficient in numerous languages and worked in Moscow as a translator where she translated notable Russian works to Irish for publisher An Gúm. Maighread's husband died in Russia in one of Stalin's concentration camps.

## Oíche Síol

| | |
|---|---|
| **Dátaí / Dates:** | **07/03/2020** |
| **Am / Time:** | **8:00pm** |
| **Áit / Place:** | **Dánlann Dillon** |
| **Costas / Cost:** | **Síntiús / Donation** |
| **Clárúchán / Registration:** | **Buail isteach / Call in** |

Oíche ar leith shiamsaíochta arna cur i láthair ag Clara Ní Ghiolla. Bíonn scoth an cheoil, na cuideachta agus na nduaiseanna deasa ag Oíche Síol. Cuirtear fáilte roimh gach duine amhrán nó scéal a rá, nó cúpla port a bhualadh. Téann gach fáltas ón oíche chuig an iliomad carthanachtaí a dtugann Síol tacaíocht dóibh.
Crannchur ar an oíche do chách a cheannaíonn ticéad.

A special night of entertainment presented by Clara Ní Ghiolla. Oíche Síol is always a great night of music and company, not to mention the prize draw. We welcome anyone who wants to sing a few songs, play a few tunes or tell a story on the night. All proceeds raised go to the many good causes that Síol supports.
Free entry into prize draw with every ticket purchased


## Comórtas Filíocht Chultúrlann Mc Adam Ó Fiaich

### Poetry Competition

| | |
|---|---|
| **Lá / Day: Céadaoin** | **11/03/2020** |
| **Am / Time:** | **7:00pm** |
| **Áit / Place:** | **Dánlann Dillon / Dillon Gallery** |
| **Costas / Cost:** | **Saor in aisce / Free admission** |
| **Clárú / Registration:** | **Buail isteach / Call in** |

Comórtas úrnua filíochta sa Cheathrú Ghaeltachta. Cuirfear fáilte roimh dhánta i nGaeilge nó i dteangacha eile ach atá ag plé le téamaí na féiniúlachta agus na teanga. Beidh rannóga ann do dhaoine óga agus fásta agus déanfaidh painéal moltóirí measúnú ar an tsaothar. Bronnfar gradaim ar na dánta is fearr ag ócáid bhronnta sa Dánlann.

A brand new poetry competition for the Gaeltacht Quarter. We welcome poems in Irish and in languages other than Irish that deal with themes of identity and language. Our esteemed judges will assess the poems submitted, with separate young and older people's competitions available. The successful poets will be presented with awards at a gala celebration in the Dillon Gallery.



## An Feileacán & An Rí

| | |
|---|---|
| **Dátaí / Dates:** | **07/03/2020 & 08/03/2020** |
| **Am/Time:** | **3:00pm** |
| **Costas / Cost:** | **£5** |

Is seanscéal é Mír agus Éadaoin atá á insint in Éirinn le breis mhaith is míle bliain anuas. Scéal álainn atá ann ina n-iompaítear Éadaoin ina féilecán chun í a scaradh óna grá geal, Mír.
Athinsint don 21ú céad atá anseo i bhfoirm focal (an t-údar Máire Zepf), damhsa (an cóiréagrafaí Clara Kerr) agus ealaíne (an maisitheoir Shona Shirley Macdonald). Beidh idir óg agus aosta faoi gheasa ag an seó draíochtúil teaghlaigh seo.

One of Ireland's most beautiful legends, 'The Butterfly and the King' tells the story of Éadaoin, turned into a butterfly by a jealous rival for the love of King Mír.
Retold here for the 21st century in words (author Máire Zepf), dance (choreographer Clara Kerr) and pictures (illustrator Shona Shirley Macdonald), this spell-binding family performance will bring the magic of this ancient tale to new audiences young and old.

YOUNG at ART Belfast Children's Festival



## Caint an ealaíontóra.

**25/01/20 – 13:00 – 14:00**

San imeacht aon uaire seo, déanfaidh an t-ealaíontóir Gerard Carson daoine a threorú thart ar a thaispeántas MURKTACKTISS i nDánlann Dillon agus é ag freagairt ceisteanna i rith an ama.

**Is imeacht saor in aisce é seo oscailte don phobal.**

## Artist talk

In this one off event, artist Gerard Carson will guide visitor around his exhibition MURKTACKTISS in the Dillon Gallery answering questions along the way.

**This is a free event open to the public**


## Taispeántais Ealaíne:

## Murktacktiss Le Gerard Carson

| | |
|---|---|
| **Dátaí / Dates:** | **08/01/2020 – 21/02/2020** |
| **Seoaldh / Launch:** | **08/01/2019** |
| **Am / Time:** | **7:00pm** |
| **Áit / Place:** | **Dánlann Dillon agus Na Ballaí Bána** |
| **Costas / Cost:** | **Saor in aisce / Free** |

Is taispeántas aonair é "MURKTACKTISS" de shaothair an ealaíontóra Gerard Carson atá lonnaithe i mBéal Feirste. Cuimsíonn "MURKTACKTISS" píosaí dealbhóireachta, gearrthóga físe, beochaintí agus líníochtaí, agus dírítear isteach ann ar mhodhanna léirithe/athruithe a bhfuil borradh ag teacht orthu i dtimpeallacht ina bhfuil líonraí eolais agus ábhair ag éirí níos teibí de réir a chéile. Téann gnáthrudaí agus ábhair i bhfostú i dtacair athruithe, agus iad i mbun chéimeanna claochlaithe, i mbailiúcháin atá ag athrú i rith an ama, agus ina gcailltear gnáthrudaí aonaracha ina rachtanna anordúla. Agus nochtar cruthanna nuálacha ón mhoing bhroghach ábhair sin, a ghineann meascáin fhíriúla a chónascann na sainmhínithe a bhaineann le 'aitheanta/anaithnide' agus 'bréagach/fíor'. Is ionann MURKTACKTISS agus léiriú leanúnach ar an dóigh a gcónascann ábhair éagsúla lena chéile, agus baineann sé leas as an taighde atá déanta ag Carson ar líníocht Ghotach, ar oibriú ábhair agus ar áisiúlacht teicneolaíochta.

"MURKTACKTISS" is a solo exhibition of works by the Belfast-based artist Gerard Carson. Featuring sculptures, videos, animations, and drawings, MURTACKTISS zones in on accelerated modes of production/extraction in an environment of increasingly abstracted networks of knowledge and materiality. Objects and materials become tangled in assemblages of extraction, suspended in arrays of metamorphosis, where individual units are swallowed into chaotic swarms of feedback. Novel formations emerge from this murky swamp of materiality, producing cybernetic hybrids that merge definitions of the 'known/unknown' and the 'fictive/real'. MURKTACKTISS is an ongoing manifestation of material contingency, drawing upon Carson's research into gothic flatlines, material agency, and technological utility.



## Abstracts / Dmcq Le Dermott Mcquillan

| | |
|---|---|
| **Dátaí / Dates:** | **08/01/2020 – 20/02/2020** |
| **Seoaldh / Launch:** | **08/01/2019** |
| **Am / Time:** | **7:00pm** |
| **Áit / Place:** | **Na Ballaí Bána** |
| **Costas / Cost:** | **Saor in aisce / Free** |

Abstracts (Léirithe Teibí) is teideal don bhailiúchán ealaíne leis an ealaíontóir Dermott McQuillan (1960, Béal Feirste). De réir mar a ghluaiseann na pictiúir trí dhomhan teibíochta ina bhfuil dathanna agus cruthanna go flúirseach, cíorann sé téamaí machnaimh agus téamaí láithreachta. Trasnaíonn imireacha a chéile, tarraingítear uigeachtaí, forluíonn dathanna ar a chéile agus measctar le chéile iad le cruthanna a dhearadh a líonann an spás thart orthu. Ní bhíonn plean i bhfeidhm leis an saothar seo in am ar bith. Cruthaítear iad go spontáineach agus leatar na holaí ar an chanbhás le sceana pailéid agus le gnáthrudaí randamacha ar tháinig an t-ealaíontóir orthu. Na cruthanna agus na dathanna a thagann dá bharr an phróisis seo, cuireann siad draíocht ar shamhlaíocht an duine. Léiríonn an teibíocht atá sa nádúr acu, a d'fhéadfadh cuma trína chéile a chur orthu, spraoi ildaite atá fiú le feiceáil sna teidil atá orthu.

Abstracts, is a collection of works by the artist dmcq (1960, belfast). Themes of reflection and presence are explored as the paintings flow through a world of abstractness where colour and shape are abundant. Shades cross, textures drag while colours overlap and merge, creating forms, occupying the surrounding space. The works are never planned, they are in the moment and the oils are applied to the canvas with palette knives and found objects. The resulting shapes and colour illuminate and captivate the imagination. Their abstract and what may seem, chaotic nature, unveiling a colourful play stretching into their titles.

**www.dmcq.es**




## Mapping le Karen Daye-Hutchinson

| | |
|---|---|
| **Dátaí / Dates:** | **05/03/2020 - 27/03/2020** |
| **Seoaldh / Launch:** | **05/03/2020** |
| **Am / Time:** | **7:00pm** |
| **Áit / Place:** | **Dánlann Dillon** |
| **Costas / Cost:** | **Saor in aisce / Free** |

Is ealaíontóir ilmheán ó Bhéal Feirste í Karen Daye-Hutchinson. Rinne sí staidéar ar an Mhínealaín in Ollscoil Mhanchain agus in Ollscoil Uladh agus taispeánadh a cuid saothair go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta i Meiriceá, i gCeanada, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, i Lucsamburg agus sa tSeapáin.
Is ball tofa í Karen den eagraíocht ealaíne mór le rá Prism Print International agus ar na mallaibh, bhí sí ina healaíontóir cónaithe ag Empreinte Atelier de Gravure i Lucsamburg, áit ar chruthaigh sí 'Dark Fairy Tale', bailiúchán eitseálacha, saothar a lean 'A Harlot's Progress', taispeántas eitseálacha léi a ghnóthaigh ardmholadh i gcéin is i gcóngar.
Saothar úrnua a bheas i dtaispeántas na Cultúrlainne – leabhair dhealbhacha ealaíontóirí agus suiteán priontaí hibrideach a mhapálann turas trí mheán na línte agus an tsiombalachais.

Karen Daye-Hutchinson is a multi medium artist from Belfast. Having studied Fine Art at both Manchester University and University of Ulster she has exhibited nationally and internationally to include, America, Canada, France, Germany, Luxembourg and Japan.
Karen is an elected member of the prestigious 'Prism Print International' and has recently been artist in residence at Empreinte atelier de gravure, Luxembourg where she created the 'Dark Fairy Tale' collection of etchings that preceded the widely reviewed 'A Harlots Progress'.
A new exhibition of works will be created for this exhibition in the form of sculptural artists books and a hybrid print installation mapping a journey through the use of line and symbolism.



## Quantum le Caireann McElligott

| | |
|---|---|
| **Dátaí / Dates:** | **05/03/2020 - 27/03/2020** |
| **Seoaldh / Launch:** | **05/03/2020** |
| **Am / Time:** | **7:00pm** |
| **Áit / Place:** | **Ballaí Bána** |
| **Costas / Cost:** | **Saor in aisce / Free** |

Is dearthóir teicstíle í Caireann McElligott a chruthaíonn patrúin agus athdhéanamh a úsáidtear chun fuinneamh, beocht, carachtar agus gluaiseacht a chruthú ar dhromchlaí. Ina cuid saothair cíorann sí snáitheanna scéil, tá na píosaí an-mhionsonraithe agus meallann siad an margadh comhaimseartha. Is iad siombailí Éigipteacha agus ó iairiglifí is mó a spreagann an dearthóir, línte Nasca, astralaíocht, cosáin lúbraí, puzail matamaitice, fisic chandamach agus meicnic chandamach.

Léiríonn an bailiúchán 'Quantum' sraith de phatrúin stíleacha aite agus priontaí tiomnaithe le haghaidh faisin agus spás taobh istigh. Baineann méid áirithe grinn leis na dearaí agus tá siad éifeachtach, nua-aimseartha agus spraíúil. Cé mhéad siombail/rudaí difriúla is féidir leat a aimsiú agus a liostú i nGaeilge? Nó an féidir leat aon litreacha i bhfolach sna patrúin a aimsiú agus focal nó abairt a chumadh sa Ghaeilge leo?

Caireann McElligott is a textile designer creating patterns and repeats that are used to create energy, life, character and movement to surfaces. Her work explores narrative, is highly detailed and appeals to the contemporary market. The designer's key influences come from Egyptian symbols and hieroglyphics, Nasca lines, astrology, labyrinth pathways, mathematical puzzles, quantum physics and quantum mechanics.

The 'Quantum' collection is a series of quirky stylistic patterns and placement prints for both fashion and interiors. The designs have a certain amount of humour to them and are impactful, modern and fun. How many different symbols/objects can you find and list in Irish? Or can you find any hidden letters in the patterns and make a word or sentence in Irish?



## Seomraí ar Cíos

Rooms to Rent

Tá réimse leathan spásanna ilúsáide againn anseo i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich. Tá na seomraí foirfe le haghaidh cruinnithe, taispeántas, ceol-choirmheacha, ócáidí sóisialta agus go leor, leor eile. Le tuilleadh eolais a fháil, liosta praghsanna a fheiceáil nó le seomra a chur in áirithe, gabh chuig www.culturlann.ie nó cuir glaoch orainn ar **028 9096 4180.**

We have a wide range of versatile rooms available for hire here at Cultúrlann McAdam Ó Fiaich. The rooms are perfect for meetings, exhibitions, concerts, social gatherings and much more. For more information, to see a list of prices or to book a room, go to www.culturlannn.ie or call us on **028 9096 4180.**

A festival of learning

NI SCIENCE FESTIVAL

FÉILE AN EARRAIGH
1-18 MARCH 2019

SEACHTAIN NA GAEILGE
le energia

YOUNG at ART
Belfast Children's Festival

CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH

PRINCIPAL FUNDER
arts council
LOTTERY FUNDED

Comhairle Chathair Bhéal Feirste

Ag treisiú le togáil na Gaeilge

Department for Communities
www.communities-ni.gov.uk

Foras na Gaeilge